Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 7 Samhain 2025**
**(OR. en)**

**14936/25**

**SPORT 44**
**DOPAGE 8**
**SAN 708**
**JAI 1622**
**DATAPROTECT 286**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréachtrún ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, lena ndéantar athbhreithniú ar ionadaíocht Bhallstáit an Aontais ar Bhord Fondúireachta WADA agus maidir le comhordú a dhéanamh ar na seasaimh ó na Ballstáit roimh chruinnithe WADA<br>*- Formheas* |

Scrúdaigh an <u>Mheitheal um an Spórt</u> an dréachtrún thuasluaite ag roinnt cruinnithe. Bhí na toscaireachtaí uile ar aon fhocal maidir lena bhfuil sa téacs atá i gceangal leis.

Iarrtar ar <u>Choiste na mBuanionadaithe</u> a dhearbhú go bhfuil comhaontú ann maidir leis an téacs atá i gceangal leis seo agus é a chur faoi bhráid na <u>Comhairle (OOCS)</u> lena fhormheas ag an seisiún a bheidh aici an 28 Samhain 2025 agus lena fhoilsiú ina dhiaidh sin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

**IARSCRÍBHINN**

Dréachtrún ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, lena ndéantar athbhreithniú ar ionadaíocht Bhallstáit an Aontais ar Bhord Fondúireachta WADA agus maidir le comhordú a dhéanamh ar na seasaimh ó na Ballstáit roimh chruinnithe WADA

DÉANANN IONADAITHE RIALTAIS BHALLSTÁIT AN AONTAIS EORPAIGH, AG TEACHT LE CHÉILE DÓIBH I dTIONÓL NA COMHAIRLE, AN MÉID A LEANAS,

Á MHEABHRÚ DÓIBH:

1. Ó 2000 i leith, leagadh béim i roinnt conclúidí agus rún ón gComhairle ar a thábhachtaí atá comhrac na dópála agus sainíodh ról an Aontais Eorpaigh agus a Bhallstát laistigh den Ghníomhaireacht Dhomhanda Frithdhópála (WADA) mar a liostaítear in Iarscríbhinn III.

Á THABHAIRT DÁ nAIRE:

2. Mar thoradh ar mheastóireacht ar rún 2023, thángthas ar an gconclúid go bhfuil gá le nuashonrú chun tuilleadh soiléireachta a sholáthar maidir le próiseas na seasamh caibidlíochta chomh maith leis na sásraí tuairiscithe ar ábhair a thagann faoi inniúlacht an Aontais, agus chun athbhreithniú a dhéanamh ar leithdháileadh na suíochán d'Ionadaithe an Aontais ar Bhord Fondúireachta WADA.

3. Tá sé tábhachtach go leanfaidh ionadaithe rialtais Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, d'athbhreithniú rialta a dhéanamh ar an taithí a fuarthas ar chur i bhfeidhm rún 2023.

AITHNÍONN SIAD AN MÉID A LEANAS:

4. Ba cheart don Aontas Eorpach agus a Bhallstáit a bheith in ann a n-inniúlachtaí a fheidhmiú agus a ról a imirt agus, *inter alia*, rialacha, caighdeáin agus treoirlínte á n-ullmhú, á gcaibidil agus á nglacadh ag an nGníomhaireacht Dhomhanda Frithdhópála (WADA).

5. Leithdháiltear trí shuíochán ar Bhord Fondúireachta WADA ar ionadaithe Bhallstáit an Aontais.

6. Is é an Coiste Ad Hoc Eorpach don Ghníomhaireacht Dhomhanda Frithdhópála (CAHAMA) an fóram inniúil chun seasaimh uile-Eorpacha a chomhordú, agus is fóram í an Mheitheal um an Spórt lenar féidir seasaimh an Aontais a ullmhú, i gcás inarb ábhartha, chomh maith le comhordú a dhéanamh ar ábhair leasa choitinn a bhaineann leis an Aontas.

7. Caithfear socruithe praiticiúla a shocrú le haghaidh rannpháirtíocht ionadaithe de chuid Bhallstáit an Aontais ar Bhord Fondúireachta WADA, agus le haghaidh comhordú a dhéanamh ar na seasaimh ón Aontas agus óna Bhallstáit roimh chruinnithe CAHAMA agus WADA. Ba cheart do na módúlachtaí praiticiúla sin, dualgas an chomhair dhílis, na comhlántachta agus na sineirge le CAHAMA a léiriú agus féachaint leis an aontacht maidir le hionadaíocht sheachtrach an Aontais a chur chun cinn agus dúbláil na hoibre in CAHAMA á seachaint ag an am céanna. Ba cheart a chur san áireamh sna socruithe freisin, áfach, an t-am agus na hacmhainní, ar minic iad araon a bheith teoranta, chun seasaimh a chomhordú.

8. Tá géarghá le leanúnachas agus tiomantas maidir le hionadaíocht Bhallstáit an Aontais ar Bhord Fondúireachta WADA, tacaithe le sainordú polaitiúil agus saineolas iomchuí.

DÁ BHRÍ SIN, COMHAONTAÍONN SIAD AN MÉID SEO A LEANAS:

Ionadaíocht

9. Beidh ionadaithe Bhallstáit an Aontais ar Bhord Fondúireachta WADA ar leibhéal na n-airí agus leithdháilfear na suíocháin mar seo a leanas:

   (a) déanfar suíochán amháin a leithdháileadh ar dhuine atá i gceannas ar an spórt ar leibhéal na n-airí[1] (e.g. aire nó státrúnaí) ó cheann de na Ballstáit atá, tráth an ainmnithe, mar chuid den fhoireann reatha trí Uachtaránacht nó den fhoireann inteachta trí Uachtaránacht;

   (b) déanfaidh na Ballstáit, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, dhá shuíochán a leithdháileadh go comhpháirteach ar bheirt atá freagrach as an spórt ar leibhéal na n-airí (e.g., aire nó státrúnaí; dá ngairtear 'ionadaithe ainmnithe ar leibhéal na n-airí' anseo feasta) agus nach iad an fhoireann reatha trí Uachtaránacht iad nó an fhoireann inteachta trí Uachtaránacht;

   (c) ní bheidh ag aon Bhallstát níos mó ná suíochán amháin de líon na suíochán a leithdháiltear ar an Aontas Eorpach ar Bhord Fondúireachta WADA.

10. Beidh éifeacht ag na socruithe maidir le hionadaíocht Bhallstáit an Aontais ar Bhord Fondúireachta WADA, mar a thuairiscítear in Iarscríbhinn I, ón 1 Iúil 2026, gan dochar do shainorduithe a formheasadh roimh an dáta sin.

11. Tar éis dó na doiciméid do chruinnithe Bhord Fondúireachta WADA a fháil, ba cheart don Bhallstát a dhéanann ionadaíocht ar an bhfoireann reatha trí Uachtaránacht nó ar an bhfoireann inteachta trí Uachtaránacht ar an mBord Fondúireachta doiciméid a chur ar aghaidh chuig Ardrúnaíocht na Comhairle, mar ullmhúchán don Mheitheal um an Spórt agus chuig an gCoimisiún.

---

[1] Bunaithe ar fhorálacha Airteagal 16(2) CAE mar a léirmhínítear iad sna *Barúlacha maidir le Rialacha Nós Imeachta na Comhairle* (Comhairle an Aontais Eorpaigh: Ardrúnaíocht na Comhairle, *Barúlacha maidir le Rialacha Nós Imeachta na Comhairle*, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2022, https://data.europa.eu/doi/10.2860/682589

12. I gcomhar leis an Uachtaránacht, ba cheart don Bhallstát a dhéanann ionadaíocht ar an bhfoireann reatha trí Uachtaránacht nó ar an bhfoireann inteachta trí Uachtaránacht ar Bhord Fondúireachta WADA na pointí plé is ábhartha d'inniúlachtaí an Aontais a chur faoi bhráid na Meithle um an Spórt.

Do sheasaimh an Aontais

13. Sula mbeidh cruinnithe in CAHAMA, oibreoidh an Uachtaránacht agus an Coimisiún i gcomhar le chéile, i gcás inarb ábhartha, chun dréachtseasamh ón Aontas a ullmhú. Glacfaidh an Uachtaránacht agus an Coimisiún páirt sna cruinnithe in CAHAMA. Na módúlachtaí chun a chinneadh an ndéanfaidh an Coimisiún nó an Uachtaránacht idirghabháil ag cruinniú CAHAMA, déanfar iad a chomhordú eatarthu agus a mhéid a cheadaítear le téarmaí tagartha CAHAMA.

14. Ní féidir seasamh de chuid an Aontais a bhunú ach amháin maidir le hábhair a thagann faoi inniúlacht an Aontais. Leagtar síos in Iarscríbhinn II tuilleadh treoracha maidir leis an nós imeachta chun seasamh ón Aontas a chaibidil.

I gcás seasaimh chomhordaithe

15. Agus gan dúbláil a bheith á déanamh acu ar an obair atá ar bun ag CAHAMA, féadfaidh toscairí na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh sa Mheitheal um an Spórt, a seasamh a chomhordú maidir le hábhair a thagann faoi inniúlacht na mBallstát, ar choinníoll go bhfuil breisluach soiléir ag baint leis an gcomhsheasamh sin.

16. Ní mór aon seasamh idir na Ballstáit a bheith comhsheasmhach le haon seasamh comhaontaithe ón Aontas agus cuirfidh an Ballstát a bhfuil Uachtaránacht Chomhairle an Aontais Eorpaigh aige an tráth sin i láthair é ag cruinnithe CAHAMA. Ba cheart do na Ballstáit féachaint leis an gcomhsheasamh comhordaithe sin a áireamh i sainordú mhór-roinn na hEorpa arna ullmhú ag CAHAMA.

Coinníollacha ginearálta

17. Labhróidh ionadaithe Bhallstáit an Aontais atá ar Bhord Fondúireachta WADA agus vótálfaidh siad ar ábhair i gcomhréir le sainordú mhór-roinn na hEorpa arna chomhaontú ag CAHAMA, ar choinníoll go bhfuil an seasamh sin comhsheasmhach le *acquis* an Aontais.

18. Déanfaidh ionadaí na foirne reatha trí Uachtaránacht nó na foirne inteachta trí Uachtaránacht, a bhfuil a ionadaí ina chomhalta de Bhord Fondúireachta WADA, tuarascáil i scríbhinn a chur faoi bhráid na Meithle um an Spórt ag a chéad chruinniú tar éis cruinniú de Bhord Fondúireachta WADA. Ba cheart béim a leagan sa tuarascáil ar ghnéithe atá ábhartha do *acquis* an Aontais, lena n-áirítear comhlíonadh an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí agus reachtaíocht ábhartha eile de chuid an Aontais. Féadfar a áireamh sa tuarascáil cinntí a rinneadh, na príomhphointí plé, saincheisteanna gan réiteach agus bearta leantacha a d'fhéadfaí a dhéanamh i réimsí inniúlachtaí an Aontais. Ba cheart do dhuine d'ionadaithe Bhallstáit an Aontais ar Bhord Fondúireachta WADA toradh chruinniú Bhord Fondúireachta WADA a chur i láthair freisin ag cruinniú Chomhairle Oideachais, Óige, Cultúir agus Spóirt (OOCS) an Aontais.

19. Faoin 31 Nollaig 2029, athbhreithneoidh Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, an taithí a fuarthas i dtaca le cur i bhfeidhm an rúin seo agus, má mheastar gur gá sin, measfaidh siad ar cheart aon choigeartuithe a dhéanamh ar an socrú a bhunaítear leis an rún seo.

20. Tagann an rún seo, lena n-áirítear na socruithe a ghabhann leis seo i ndáil le hionadaíocht Bhallstáit an Aontais ar Bhord Fondúireachta WADA, agus na socruithe praiticiúla i ndáil leis na hullmhúcháin do chruinnithe WADA maidir le hábhair a thagann faoi inniúlacht an Aontais, faoi mar a d'fhormheas an Chomhairle an 28 Samhain 2025, in ionad rún 2023/C 185/07 ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le hionadaíocht Bhallstáit an Aontais ar Bhord Fondúireachta WADA agus maidir le seasaimh an Aontais agus a Bhallstát a chomhordú roimh chruinnithe WADA.

## IARSCRÍBHINN I A GHABHANN LEIS AN IARSCRÍBHINN

Socruithe maidir le hionadaíocht Bhallstáit an Aontais ar Bhord Fondúireachta WADA

Tháinig Ballstáit an Aontais ar chomhaontú maidir leis an gcóras ionadaíochta seo a leanas:

1. Is náisiúnaigh ó Bhallstáit éagsúla an Aontais a bheidh sna ionadaithe de chuid Bhallstáit an Aontais a bheidh ar Bhord Fondúireachta WADA.

IONADAÍ Ó NA BALLSTÁIT ATÁ AR AN bhFOIREANN REATHA TRÍ UACHTARÁNACHT NÓ AR AN bhFOIREANN INTEACHTA TRÍ UACHTARÁNACHT:

2. Roghnóidh na Ballstáit arb iad an fhoireann reatha trí Uachtaránacht iad nó arb iad an fhoireann inteachta trí Uachtaránacht iad, tar éis comhairliúchán inmheánach, duine aonair as ceann acu, mar a thuairiscítear in Iarscríbhinn IV, chun ionadaíocht a dhéanamh ar an bhfoireann reatha trí Uachtaránacht agus an fhoireann inteachta trí Uachtaránacht ar Bhord Fondúireachta WADA. Is é an t-ionadaí sin a bheidh freagrach ar leibhéal na n-airí as cúrsaí a bhaineann le spórt agus beidh cead aige/aici suí ar an mBord Fondúireachta i gcomhréir le reachtanna WADA. Cuirfear ainm an ionadaí roghnaithe in iúl d'Ardrúnaíocht Chomhairle an Aontais Eorpaigh (an Ardrúnaíocht).

3. Má éiríonn an t-ionadaí as a fheidhmeanna/feidhmeanna ar leibhéal na n-airí, fanfaidh sé/sí ar Bhord Fondúireachta WADA go dtí go mbeidh an nós imeachta nua ainmniúcháin curtha i gcrích. Déanfaidh an fhoireann reatha trí Uachtaránacht agus an fhoireann inteachta trí Uachtaránacht, mar a thuairiscítear in Iarscríbhinn IV, duine ionaid a ainmniú a bheidh incháilithe ionadaíocht a dhéanamh ar Bhallstát an Aontais ar Bhord Fondúireachta WADA agus a bheidh i gceannas ar an spórt ar leibhéal na n-airí ar feadh a mbeidh fágtha den téarma oifige tosaigh 3 bliana ar an mBord Fondúireachta.

4. Ní bheidh ionadaí a d'éirigh as a fheidhm/feidhm ar leibhéal na n-airí incháilithe chun ionadaíocht a dhéanamh ar Bhallstáit an Aontais ar Bhord Fondúireachta WADA, ní comhalta den Bhord Fondúireachta é/í a thuilleadh agus is go huathoibríoch a éireoidh sé/sí as oifig nuair a bheidh an nós imeachta nua ainmniúcháin curtha i gcrích.

5. Is tréimhse 3 bliana a bheidh i dtéarma oifige an ionadaí thuasluaite.

IONADAITHE AINMNITHE AR LEIBHÉAL NA nAIRÍ ARNA nAINMNIÚ GO COMHPHÁIRTEACH AG NA BALLSTÁIT AG TEACHT LE CHÉILE DÓIBH I dTIONÓL NA COMHAIRLE:

6. Tíolacfaidh na Ballstáit moltaí le haghaidh ionadaithe ainmnithe tráth nach déanaí ná aon mhí amháin roimh an gcruinniú de Chomhairle an Aontais Eorpaigh a mbeidh an t-ainmniú le déanamh lena linn. Ní áireofar ar na tograí sin airí ó na Ballstáit a bheidh ar fhoireann reatha na hUachtaránachta ná ar an bhfoireann inteachta trí Uachtaránacht.

7. Agus iarrthóirí nua á roghnú do na poist ionadaíocha ainmnithe, ba cheart aird ar leith a thabhairt ar a dtiomantas comhrac na dópála a chur chun cinn agus ar a dtoilteanas páirt ghníomhach a ghlacadh in obair WADA agus ar a dtiomantas luachanna an Aontais Eorpaigh a chur chun cinn agus urraim do dhlí an Aontais a áirithiú, i gcomhréir le dualgas an chomhair dhílis le CAHAMA.

8. I gcás ina mbeidh níos mó ná beirt iarrthóirí ann do na poist mar ionadaí aitheanta, féachfaidh an Uachtaránacht le teacht ar chomhthoil i measc na mBallstát chun vóta ballóide táscach a eagrú sa Mheitheal um an Spórt chun na hionadaithe ainmnithe a ainmniú. Molfaidh an Uachtaránacht go n-úsáidfear an nós imeachta vótála agus aontófar leis sin trí chomhthoil i measc na mBallstát. Beidh aon iarrthóir don phost mar ionadaí ainmnithe incháilithe suí ar an mBord Fondúireachta i gcomhréir le reachtanna WADA.

9. Mairfidh téarma oifige an ionadaí ainmnithe ar feadh 3 bliana ach amháin má scoireann siad dá bhfeidhm ar leibhéal na n-airí ina mBallstát nó mura mbeidh na ceanglais incháilitheachta chun ionadaíocht a dhéanamh do Bhallstáit an Aontais ar Bhord Fondúireachta WADA is infheidhme tráth an ainmniúcháin á gcomhlíonadh a thuilleadh le linn a dtéarma oifige. Sa chás sin, cuirfear tús le nós imeachta nua ainmniúcháin ar feadh tréimhse nua 3 bliana. Fanfaidh an t-ionadaí ainmnithe reatha sa phost go dtí go mbeidh an nós imeachta nua ainmniúcháin curtha i gcrích. Beidh an téarma oifige comhsheasmhach le reachtanna WADA agus, in aon chás, beidh sé teoranta do thrí théarma ar a mhéad.

RIALACHA IDIRTHRÉIMHSEACHA:

10. Beidh feidhm go dtí an 30 Meitheamh 2026 ag na rialacha atá ann cheana maidir le hionadaíocht Bhallstáit an Aontais ar Bhord Fondúireachta WADA mar a leagtar amach i rún 2023 iad.

11. Má scoireann an t-ionadaí reatha ón bhfoireann reatha trí Uachtaránacht (PL, DK, CY) ar Bhord Fondúireachta WADA dá fheidhm mar Aire roimh an 30 Meitheamh 2026, beidh feidhm ag rialacha rún 2023 maidir lena chomharba a cheapadh ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige go dtí an 30 Meitheamh 2026.

12. Má scoireann an t-ionadaí reatha ón gcéad fhoireann eile trí Uachtaránacht (IE, LT, EL) ar Bhord Fondúireachta WADA dá fheidhm mar Aire roimh an 30 Meitheamh 2026, beidh feidhm ag na rialacha maidir le hionadaíocht Bhallstáit an Aontais ar bhord Fondúireachta WADA, mar a leagtar amach sa rún seo iad, chun a chomharba a ainmniú ar leibhéal na n-airí ón ngrúpa Ballstát a chomhdhéanann an fhoireann reatha trí Uachtaránacht agus an fhoireann inteachta trí Uachtaránacht sa tréimhse ón 1 Iúil 2026 go dtí an 31 Nollaig 2027, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn IV.

PRÓISEAS FORMHEASA NA mBALLSTÁT AG TEACHT LE CHÉILE DÓIBH I dTIONÓL NA COMHAIRLE:

13. Déanfaidh na Ballstáit, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, na hionadaithe ainmnithe ar leibhéal na n-airí agus an Ballstát a roghnóidh an fhoireann reatha trí Uachtaránacht nó an chéad fhoireann eile trí Uachtaránacht chun ionadaithe a ainmniú ar Bhord Fondúireachta WADA, a fhormheas.

14. Tabharfar fógra trí Ardrúnaíocht na Comhairle do WADA faoi ainmneacha chomhaltaí uile Bhord Fondúireachta WADA, ar ionadaithe ó Bhallstáit an Aontais iad, i gcomhréir le forálacha Rialachán (AE) 2018/1725 an 23 Deireadh Fómhair 2018[2].

---

[2] Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE.

## IARSCRÍBHINN II A GHABHANN LEIS AN IARSCRÍBHINN

Socruithe praiticiúla maidir leis na hullmhúcháin do chruinnithe WADA i dtaca le hábhair a thagann faoi inniúlacht an Aontais

Gan dochar d'fhorálacha Rialacha Nós Imeachta na Comhairle (RNIC) agus an Chonartha ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) maidir le próiseas cinnteoireachta an Aontais, tháinig an Chomhairle, leis seo, ar chomhaontú maidir leis na socruithe praiticiúla a leanas chun go n-áiritheofaí go mbeidh intuarthacht agus trédhearcacht i bpróiseas an ullmhúcháin do chruinnithe chomhordú mhór-roinn na hEorpa i gComhairle na hEorpa (CAHAMA) agus do chruinnithe WADA:

1. Roimh gach cruinniú de Bhord Fondúireachta WADA, agus infhaighteacht dhoiciméid chruinnithe WADA á cur san áireamh, déanfaidh an Coimisiún agus an Uachtaránacht, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, comhordú d'fhonn seasamh an Aontais a bhunú, más ábhartha, maidir le míreanna chlár oibre Bhord Fondúireachta WADA.

2. Scrúdóidh an Mheitheal um an Spórt an dréachtseasamh sin ón Aontas agus cuirfear faoi bhráid Coreper agus na Comhairle é lena fhormheas i gcomhréir leis an gcreat dlíthiúil is infheidhme agus leis an gcleachtas seanbhunaithe.

3. I gcásanna práinne, mar shampla tréimhse theoranta ama nach mór seasamh an Aontais a bhunú lena linn gan cruinniú a bheith sceidealaithe cheana féin sa Mheitheal um an Spórt, féadfaidh an Uachtaránacht cruinniú neamhfhoirmiúil den Mheitheal um an Spórt a ghairm agus féadfar comhaontú maidir le seasamh an Aontais a lorg i scríbhinn. Sna cásanna sin, seolfaidh an Uachtaránacht an seasamh críochnaitheach comhaontaithe ón Aontas amach chuig na páirtithe ábhartha roimh chruinnithe CAHAMA agus WADA.

4. I gcás ina n-iarrtar ar CAHAMA gníomh a ghlacadh a bhfuil éifeacht dhlíthiúil leis, iarrfar ar an gCoimisiún togra a thíolacadh in am trátha le haghaidh cinneadh ón gComhairle i gcomhréir le hAirteagal 218(9) CFAE i ndáil leis an ngníomh sin.

5. Ag cruinnithe CAHAMA, cuirfidh an Coimisiún nó, i gcás inarb ábhartha, ionadaí na hUachtaránachta, seasamh an Aontais i láthair, a mhéid a cheadaítear faoi théarmaí tagartha CAHAMA.

6. Cibé uair is gá, féadfaidh an Uachtaránacht cruinnithe comhordúcháin de chuid an Aontais ar an láthair a thionól, faoi chathaoirleacht na hUachtaránachta, idir na Ballstáit agus an Coimisiún.

7. I dtaca leis na socruithe praiticiúla sin agus an rún ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le hionadaíocht Bhallstáit an Aontais ar Bhord Fondúireachta WADA agus maidir le seasaimh na mBallstát a chomhordú roimh chruinnithe den Bhord Fondúireachta, a d’fhormheas an Chomhairle, tagann siad in ionad Rún 2023/C 185/07 ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le hionadaíocht Bhallstáit an Aontais ar Bhord Fondúireachta WADA agus maidir le seasaimh an Aontais agus a Bhallstát a chomhordú roimh chruinnithe de chuid WADA.

## IARSCRÍBHINN III A GHABHANN LEIS AN IARSCRÍBHINN

Cúlra polaitiúil na hoibre frithdhópála sa Chomhairle:

1. Na conclúidí ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle an 4 Nollaig 2000, maidir leis an dópáil a chomhrac, IO C 356, 12.12.2000, lch.1.

2. Na conclúidí ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle an 18 Samhain 2010, maidir le ról an Aontais Eorpaigh (an tAontas) i ndáil leis an dópáil a chomhrac go hidirnáisiúnta, IO C 324, 1.12.2010, lch. 18.

3. An rún ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle an 20 Nollaig 2011, maidir le hionadaíocht Bhallstáit an Aontais ar Bhord Fondúireachta WADA agus maidir le comhordú a dhéanamh ar na seasaimh ón Aontas agus óna Bhallstáit roimh chruinnithe WADA, IO C 372, 20.12.2011, lch. 7.

4. Na conclúidí ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle an 15 Nollaig 2015, lena ndéantar athbhreithniú ar Rún 2011 maidir le hionadaíocht Bhallstáit an Aontais ar Bhord Fondúireachta WADA agus maidir le comhordú a dhéanamh ar na seasaimh ón Aontas agus óna Bhallstáit roimh chruinnithe WADA lena bhforáiltear go ndéanfar an taithí a fuarthas ar chur i bhfeidhm breise an rúin seo a athbhreithniú arís eile faoin 31 Nollaig 2018, IO C 417, 15.12.2015, lch. 45.

5. Rún 2019 ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le hionadaíocht Bhallstáit an Aontais ar Bhord Fondúireachta WADA agus maidir le comhordú a dhéanamh ar na seasaimh ón Aontas agus óna Bhallstáit roimh chruinnithe WADA, IO C 192, 7.6.2019, lch. 1.

6. Rún 2023 ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, lena ndéantar ionadaíocht ar Bhallstáit an Aontais ar Bhord Fondúireachta WADA agus maidir le comhordú a dhéanamh ar na seasaimh ó na Ballstáit roimh chruinniú WADA, IO C 185, 26.5.2023, lch. 29.

**IARSCRÍBHINN IV A GHABHANN LEIS AN IARSCRÍBHINN**

Cuirtear an tábla táscach thíos ar fáil mar fhaisnéis agus féadfar é a oiriúnú i gcomhréir le haon athruithe a d'fhéadfaí a dhéanamh amach anseo ar ord Uachtaránachtaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh. Léirítear sa tábla na sé Bhallstát a chomhdhéanann an fhoireann reatha trí Uachtaránacht agus an fhoireann inteachta trí Uachtaránacht le linn tréimhse ama ar leith. Is féidir an suíochán amháin a leithdháilfear chun ionadaíocht a dhéanamh don fhoireann reatha trí Uachtaránacht agus don chéad fhoireann eile trí Uachtaránacht ar Bhord Fondúireachta WADA a roghnú ó dhíorma na mBallstát laistigh den tréimhse ama ábhartha. Tá feidhm aige sin maidir le hiarrthóir a roghnú ar feadh téarma nua 3 bliana chomh maith le duine a aimsiú le cur in ionad an ionadaí don fhoireann reatha trí Uachtaránacht agus don chéad fhoireann eile trí Uachtaránacht, a bhfuil deireadh tagtha lena fheidhm mar dhuine atá i gceannas ar an spórt ar leibhéal na n-airí, ar feadh a bhfuil fágtha den chéad téarma oifige 3 bliana ar Bhord Fondúireachta WADA.

| |
|---|
| An 1 Iúil 2026 – an 31 Nollaig 2027<br>Éire<br>An Liotuáin<br>An Ghréig<br>An Iodáil<br>An Laitvia<br>Lucsamburg |
| An 1 Eanáir 2028 – an 30 Meitheamh 2029<br>An Iodáil<br>An Laitvia<br>Lucsamburg<br>An Ísiltír<br>An tSlóvaic<br>Málta |

| |
|---|
| An 1 Iúil 2029 – an 31 Nollaig 2030<br>An Ísiltír<br>An tSlóvaic<br>Málta<br>An Eastóin<br>An Bhulgáir<br>An Ostair |
| An 1 Eanáir 2031 – an 30 Meitheamh 2032<br>An Eastóin<br>An Bhulgáir<br>An Ostair<br>An Rómáin<br>An Fhionlainn<br>An Chróit |
| An 1 Iúil 2032 – an 31 Nollaig 2033<br>An Rómáin<br>An Fhionlainn<br>An Chróit<br>An Ghearmáin<br>An Phortaingéil<br>An tSlóivéin |

| |
|---|
| An 1 Eanáir 2034 – an 30 Meitheamh 2035<br>An Ghearmáin<br>An Phortaingéil<br>An tSlóivéin<br>An Fhrainc<br>Poblacht na Seice<br>An tSualainn |
| An 1 Iúil 2035 – an 31 Nollaig 2036<br>An Fhrainc<br>Poblacht na Seice<br>An tSualainn<br>An Spáinn<br>An Bheilg<br>An Ungáir |